

Sa Teach Tábhairne

Cé leis an seal? Fuair mise an ceann deireanach.

Cheannaigh mise deoch cheana féin.

Is liomse é. Cad é ba mhaith libh uilig? An rud céanna arís?

Faigh leathphionta domh, an t-am seo. Níl mé ag iarraigh barraíocht a ól.

Cur céist an bhfuil caife ar fáil? Níl Coke eile de dhith orm.

'Bhfuil tú cinnte nár mhaith leat rud ar bith eile níos láidre?

Ní féidir liom. Tá mé ag tiomaint.

Bainne agus siúcra?

Ní ólaim siúcra, go raibh maith agat.

Maith go leor. Tá mé ag dul chuig an bheár. Cad é an t-ainm ar an bhean taobh thiar den bheár.

Sílim gur Máiread an t-ainm atá uirthi.

Gábh mo leithscéal, a Mháiread. Cúpla pionta Carlsberg, le do thoil, trí phionta go leith leann dubh, leathphionta Chlairsigh, gloine uisce beatha, oráiste agus caife. Sin a' méid.

Cén cineál fuisce ar mhaith leat?

Fan bomaite is gheobhaidh mé amach. A Bhríd, cén sórt uisce beatha?...Maith go leor. Tom beag, le do thoil.

Ar mhaith leat oighear sna deochanna boga agus sa cheann bheag?

Tabhair gloine oighir domh ar leataobh. Beidh sé sin níos simplí.

Bainne agus siúcra sa chaife?

Bainne amháin, le do thoil?

Oráiste súilíneach nó scuais?

Súilíneach a shílim. Ar a laghad, sin an sort oráiste a bhfuair muid an t-am deireanach. Cá mhéad atá agat orm?

Fiche a cúig caoga in iomlán, le do thoil.

Seo tríocha.

Go raibh maith agat. Ceithre caoga mar bhriseadh.